

Máire Bhuí Ní Laoghaire:
File an ‘Rilleadh Cainte’

MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL

Filíocht ó bhéal a chum Mháire Bhuí Ní Laoghaire (1774–*ca* 1849) i mblianta deiridh na hochtú haoise déag agus i gcéadleath na naoú haoise déag.¹ Ní raibh léamh ná scríobh aici, is cosúil, agus ní haon ionadh é, mar sin, go ndírítear aird ar a cumas sa teangain agus ar bhua a cuid aithriseoireachta. Ba chuid dhílis den seanchas i Múscaí Máire Bhuí, is fíor. Thagair Amhlaoibh Ó Luínse al. ‘Fruí Chanaí’ (1872–1947) di, cuirim i gcás, sa tseanchas a bhailigh Seán Ó Cróinín uaidh ón mbliain 1943 go dtí an bhliain 1944.² B’é teist a bhí ar Mháire Bhuí dar le Pádraig Ó Cruaí al. ‘Gaedheal na nGaedheal’ (1861–1949) ná go bhféadfadh sí leanúint den chumadóireacht nuair a theipfeadh na focail ar a lán daoine eile:

d’fhéataidís véarsa dhéanamh go maith ach ní fhéataidís leanúint do, ar chuma éigin. Ach ní raibh Máire Bhuí mar sin i n-aohor: bhí ana-ruille cainte aici’.³

Ar fhianaise beirte a shaothraigh laistigh de thraidisiún béil Mhúscaí, más ea, ní miste a mheas go raibh a hionad féin ag Máire Bhuí mar fhile agus mar sheachadaí béil.

Baineann Máire Bhuí Ní Laoghaire le dream filí, Antaine Raiftearaí (1779–1835), Diarmuid na Bolgaí Ó Séaghdha (*ca* 1750–1846), agus Tomás Rua Ó Súilleabháin (1785–1848) ina measc, cuirim i gcás, dream a bhí ag saothrú, don chuid is mó, lasmuigh den dtraidisiún scríbhthe.⁴ Ón uair gurbh ó bhéal a seachadadh an fhilíocht ósna filí seo, dob fhéidir neamhoilteacht, nó go deimhin neamhléantacht áirithe, b’fhéidir, a shamhlú lena gcuid dánta. Abhar suime sa treo san is ea a raibh le rá ag Piaras Béaslaí (1883–1965), mar shampla, sa dara imleabhar dá shaothar *Éigse Nua-Ghaedhilge*. Chuir Béaslaí dánta Mháire Bhuí Ní Laoghaire agus dánta Mhíchíl Óig Uí Longáin i gcomhnard le chéile ansan agus d’áitimh sé mar chuid den chuntas:

File ó dhúchas ab eadh Máire Bhuidhe. Níor bhac sí le cainnt léigheanta ná le méadaraibh cruadha casta. Cainnt na ndaoine do chleacht sí. Tá a cuid amhrán lán de dhian-mhothú agus d’fhuinneamh. “Intensity” an buadh is mó aici. Nochtann filidheacht Mhíchíl Uí Longáin meón an Ghaedhil oilte.

¹ Is é Ó Donnchú (1931) is túisce a chnuasaigh filíocht Mháire Bhuí i bhfoirm eagrán. Cé go soláthraíonn eagrán Brennan (2000) aistriúcháin Bhéarla ar na dánta, tá an réamhrá ansúd bunaithe cuid mhór ar eagrán Uí Dhonnchú. Go deimhin, ní i gcónaí is féidir leis an léitheoir iontaobh a thabhairt leis na dánta fé mar atáid as Gaeilge sa leabhar úd. Tá, dá éagmais sin, insintí ar thrí cinn de dhánta le Máire Bhuí foilsithe in Ó Muirthe (1987: 39–43) maraon le hinsintí ar dhá dhán léi in Ó Cróinín (1982: 113–5), (1980: 322–3). Tá eagrán nua d’fhilíocht Mháire Bhuí á réiteach i láthair na huair ag Cairtriona Ní Shíocháin mar thráchtas iarchéime fé stiúir an Dr Seán Ua Súilleabhán, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

² Ó Cróinín (1980: 52, 322–3).

³ Ó Cróinín (1982: 116).

⁴ I gcás fhilíocht Raiftearaí feic de h-Íde (1933) agus Ó Coigligh (1987). Maidir le filíocht Dhiarmuid na Bolgaí, feic Ó Súilleabháin (1937). Tá filíocht Thomáis Rua curtha in eagar ag ‘Séamus Dubh’ [al. Ó Fiannachta] (1914) agus ag Ní Shuilleabháin (1985).

Nochtann filidheacht Mháire Bhuidhe meón an ghnáth-Ghaedhil — an fonn saoirse, an fuath nimhneach do Ghallaibh, an sgóladh croidhe agus an síor-dhóchas le fuasgailt.⁵

Is ag moladh Mháire Bhuí a bhí Béaslaí sa mhéid sin, gan dabht. Ní haon an-ionadh é gurbh ar fhuinneamh a ciúta a leag sé an bhéim, duine go raibh dlúthbhaint aige féin le cáis na Gaeilge i dtosach na fichiú haoise.⁶ Dá éagmais sin, bhain ‘an fuath nimhneach do Ghallaibh’ úd a thagair sé (go moltach) do dhánta Mháire Bhuí, bhain san go mór leis an idé-eolaíocht as ar fáisceadh Béaslaí féin. De réir na tuairime seo, mar sin, bhain filíocht Mháire Bhuí barr a fiúntais amach sa chaint nádúrtha. Níor nocht sí meon an Ghaeil ‘oilte’ sna dánta a chum sí, ach ba léir go raibh sí oilte ar an dteangain, ar an nGaeilge féin.

Ní fheadar ná gurb é an tát atá le baint as so, áfach, ná go mbaineann neamhoilteacht agus neamhléanntacht le dánta Mháire Bhuí toisc gurbh ó bhéal a cumadh iad. Más sa traidisiún béil a cumadh agus a seachadadh an fhilíocht so, chífear ar ball beag gur chuaigh anál abhair phriondálta fésna dánta aici. Thagair Béaslaí, dá éagmais sin, do mheon ‘an ghnáth-Ghaedhil’ a nochtann Máire Bhuí ina cuid filíochta. Is sa treo san, cuid mhór, ba mhaith liom féin dul sa pháipéar so. Más é an rilleadh breá cainte an bua is mó a luadh le Máire Bhuí, caithfear a áireamh, gan dabht, gur foinse thábhachtach na dánta so don chomhthéacs intleachtúil inar cumadh iad. Measaim nach mór a cheart féin a thabhairt d’abhar machnaimh na filíochta so mar go dtugann sé léas léargais dúinn ar mheon an chultúir choitinn in iardheisceart na hÉireann i ndeireadh na hochtú agus i dtosach na naoú haoise déag.

Sa taighde a dhein sé ar an aisling pholaitiúil sa tseachtú agus san ochtú céad déag, chuir Breandán Ó Buachalla i bhfáth ar scoláirí na Gaeilge a thábhachtaí a bhí teachtaireacht chomhaimseartha agus dóchas na filíochta san.⁷ Cuid dhílis den dteachtaireacht agus den ndóchas, braithim, is ea a raibh á chumadh lasmuigh den dtraidisiún scríbhthe fé dheireadh na hochtú haoise déag ag leithéidí Mháire Bhuí. Glactar coitianta leis, is dóigh liom, gurb í an fhilíocht pholaitiúil agus na haislingí polaitiúla a chum sí an chuid is fearr dá saothar. Ní miste, b’fhéidir, cluas níos géire a thabhairt do theachtaireacht chomhaimseartha na filíochta san mar go léiríonn sí ar an míleannachas agus ar an bhfaistíneacht a bhí coitianta sa chultúr coiteann ó dheireadh na hochtú haoise déag agus isteach sa naoú céad déag. Bean a bhí ag saothrú lasmuigh den dtraidisiún scríbhthe agus na dánta polaitiúla Gaeilge aici mar fhoinsé eolais do chomhthéacs soch-chultúrtha a hama, mar sin, a bheidh fé chaibidil anso.

Is féidir a áiteamh, ar bhonn a bhfuil ráite go dtí seo go bhfuil an cur chuige anso ag díriú airde ar fhianaise is féidir a rianadh ó ghrúpa imeallach, ó aicme shóisialta nár tugadh a ceart féin ar fad di. Baineann an cur chuige féin le léann an íochtaráin (*subaltern studies*), cur chuige go dtagann a bhonn teoriciúil ón Iodálach Antonio Gramsci (1891–1937).⁸ Aon ghrúpa a bhíonn fé smacht (mná, ciní áirithe, an lucht oibre, mar shampla) is suim le léann an íochtaráin. Cluas a thabhairt do ghuth na haicme seo, más ea, d’fhonn breis eolais a fháil ar chuid éigin den chultúr coiteann in Éirinn is gnó anso dhom. Is

⁵ Béaslaí ([1933–4]: 226).

⁶ Breathnach, Ní Mhurchú (1986: 16–8), (1992: 162).

⁷ Ó Buachalla (1983a, 1983b, 1992a, 1992b, 1996).

⁸ Ina leabhair nótaí príosúin a foilsíodh ar dtús sa bhliain 1948, thagair Gramsci do *classi subalterne* i.e. *subaltern classes* — dream íochtarach an phobail, fo-ghrúpa a bhíonn fé cheannas ghrúpa eile. Aistríodh saothar Gramsci go mórán teangacha, ina measc go Béarla (Hoare, Nowell Smith (1971)).

féidir a áireamh go dtugann filíocht Mháire Bhuí léargas áirithe dhúinn ar mhachnamh polaitiúil an phobail Ghaelaigh ó dheireadh na hochtú haoise déag anall go dtí an naoú haois déag.⁹

Ag féachaint dúinn ar na haislingí polaitiúla a chum Máire Bhuí, ní mór a shuíomh gur lean tábhacht na tairngreachta de shaol an chultúir choitinn ó dheireadh na hochtú haoise déag. Níor chás do dhuine an cheist a chur mar sin féin, cad 'na thaobh so, an dóchas so, agus cad chuige in ao' chor é? Tar éis an tsaoil, buaileadh cás na Stíobhartach go trom nuair nár aithin an Pápa Séarlas Óg ('Bonnie Prince Charlie') mar rí *de jure* ar na trí ríochta (i.e. ar Albain, ar Éirinn agus ar Shasana) tar éis bhás a athar (Séamas III) sa bhliain 1766. Ní hamháin gur theip ar shluaíocht na Fraince i gcoinnibh na Breataine fén nGinearál Hoche agus fé Wolf Tone i mbá Bheanntaí, mí na Nollag na bliana 1796, ach theip go tubaisteach ar éirí amach na nÉireannach Aontaithe dhá bhliain ina dhiaidh sin. Dhaingeanigh an Bhreatain a greim ar Éirinn uimis sin nuair a ritheadh Acht an Aontaithe sa bhliain 1800. Fós féin, tá dóchas doshéanta le braistint in aislingí Mháire Bhuí a thaispeáineann nár maolaíodh ar an fhéachaint chun cinn i measc an phobail choitinn in Éirinn.

Níor chás do dhuine a mheas go bhfuil an cur síos agus, go deimhin, an suíomh féin ina theannta san, go bhfuilid stílithe go maith in aislingí Máire Bhuí. Sa dán 'Ar Leacain na Gréine',¹⁰ mar shampla, buaileann an file le 'spéirbhean mhodhmhail mhúinte dheas óg' agus tosnaíonn an t-agallamh eatarthu go mbeadh súil againn leis mar chuid de struchtúr na haislinge polaitiúla. Tagraítear sa dán don chabhair atá ag teacht ón 'Laoiseach' agus ón 'Spáinneach' — tagairtí a bhí coitianta ag filí liteartha na haislinge polaitiúla, gan dabht, cé gur ó phoblacht na Fraince a thiocfadh an chabhair in aimsir Mháire Bhuí féin.¹¹ Ní hiad na nithe stílithe seo, áfach, is tábhachtach liom anso, ach an casadh a bhaineann Ní Laoghaire as an bhfoirm liteartha féin chun teachtaireacht chomhaimseartha a chur abhaile ar an bpobal. Deir an bhruinneal go gcaithfidh sí 'dul go híochtar Clár Luirc [Beanntaí]' lena scéal go bhfuil 'an Fleet i bhFaoide [na saighdiúirí Francacha] 'na lánchumas tréan'. Ní foláir, mar sin, nó is timpeall na bliana 1796 a chum Máire Bhuí an aisling seo. Is í an teachtaireacht is ceart don bhfile a thabhairt leis (agus é ag feidhmiú mar idirghabhálaí idir an spéirbhean agus an pobal) ná so:

Gach duine aca chífir mínigh dóibh brigh mo scéil
go bhfuilid ag tíocht go buidheanmhar fí ghrán is fí philéar —
gearrthacaigh ghroidhe an Laoiseach, san Spáinneach dá réir,
go Banba ag tíocht gan mhoill le grásta Mhic Dé.

Tá éifeacht fé leith chomhaimseartha ag na tagairtí ó Mháire Bhuí don Laoiseach agus don Spáinneach, is dóigh liom, mar go dtugann siad chun cuimhne an chabhair a tháinig dáiríribh go hiardheisceart na hÉireann ón 'bhFleet i bhFaoide'. Is deacair dom géilleadh ar fad, mar sin, do thuairim Joep Leerssen go bhfuil san aisling seo againn '[an] example of the literary formula outliving the circumstances which gave rise to it'.¹² Bíodh is gur

⁹ Cf. Ní Úrdail (le teacht). Ní miste a lua ina theannta san gurb é seo an bonn intleachtúil atá leis an anailís ar fhilíocht pholaitiúil Mhíchíl Óig Uí Longáin ag Tom Dunne (1998).

¹⁰ Ó Donnchú (1931: 37–9).

¹¹ Cullen (1969: 18–9).

¹² Leerssen (1996²: 248).

foirm liteartha shean-bhunaithe atá in ócáid anso, braithim gur ag úsáid na foirme sin a bhí Máire Bhuí chun an casadh a bhí ag tárlú sa pholaitíocht chomhaimseartha a thiomáint abhaile ar a pobal féin.¹³

Tá an tsiúráil chéanna le brath i leagan den ndán dar teideal ‘Fáinne an Lae’.¹⁴ Admhaíonn an spéirbhean nach í Céarnait, ná Helen na Traoi, ná Vénus féin í, ach bé ‘gan chéile ar bith cé gur fada mé fí léan’. Deimhníonn sí go mbeidh Éire arís ‘fí réim’ ag na Gaeil bhochta, agus is mar seo a chuireann Máire Bhuí clabhsúr dóchasach ar an ndán:

‘Dámb’ áil leat teacht ti’n tábhairne isteach
is bheith páirteach seal liom féin’.
‘Sé an freagra adubhairt: ‘níl caoi dham stad
tá an fóghmhar ar leathadh im dhéidh;
an diúic a *York* ’sa thrúp dá shlad
ag priúnsa ceart na nGaedheal,
’s ar an mbliain seo chughainn beidh búir go lag
sin cúntas ceart lem scéal’.

Ar fhianaise na dtagairtí don Diúic a York al. Frederick Augustus (1763–1827) a bheith á shlad, baineann an dán le heachtraí a tharla sa bhliain 1793, nuair a theip ar shluaíocht i gcoinnibh na Fraince i mBealtaine na bliana san i Tourcoing. Fén am so, dob é Louis XVII ‘prionsa ceart’ na nGael, tar éis dá athair, Louis XVI, a bheith curtha chun báis i mí Eanáir na bliana 1793. Taispeáineann an tagairt don pholaitíocht chomhaimseartha san Eoraip go raibh eolas fê imeachtaí ar an Mór-roinn á leathadh sa chultúr coiteann in Uíbh Laoghaire.

Is go daingean a chuireann an dá dhán so teachtaireacht an dóchais in úil, is fíor, agus is go diongmhála a mhaíonn Máire Bhuí go dtiocfaidh cabhair ón dtaobh amuigh. Ní haon chaint fholamh atá sa mhachnamh féin. Bhí cúis chun na diongmháltachta aici, gan dabht, mar go raibh tuar tar éis teacht fén dteachtaireacht: tháinig an chabhair úd go raibh súil léi sna dánta so an cuan isteach go Beantraí. Más teip thubaisteach a bhí sa tsluaíocht féin, comhartha cinnte coincreideach don phobal ab ea í mar sin féin go raibh an tsábháil ó dhaorsmacht le teacht. Baineann Máire Bhuí úsáid as tairngreacht na haislinge, mar sin, chun an dóchas a spreag sluaíocht Bheantraí agus na tárlúintí ar an Mór-roinn a bhuanú i measc a pobail.

Maidir le scaipeadh forleathan an dóchais sa phobal féin, ní miste trácht a dhéanamh ar thábhacht an bhailéid agus ar éifeacht an cheoil mar mheáin sheachadta sa chultúr coiteann. Tugtar fê ndeara, cuirim i gcás, an tagairt ó Mháire Bhuí don dtábhairne i véarsa déanach an dáin ‘Fáinne an Lae’ a luadh anois beag. Dá éagmais sin, i véarsa déanach an dáin ‘Ar Leacain na Gréine’ gur tagraíodh cheana anso do, luaitear ‘gasra an ghrinn ag díogadh na gcáirt agus dá ngladhach’¹⁵ — an socard saoil, gan dabht, a bheadh ag dul dosna Gaeil de réir na fáistine a bhí á déanamh. Is é an tábhairne comhthéacs aithrise na ndánta féin, dánta a bhí i mbéal an phobail. Abhar suime sa treo san, leis, is ea ‘An Crúiscín Lán’ le Máire Bhuí — amhrán óil, is léir.¹⁶ Ní i dteideal na haislinge seo amháin atá cúlra na haithrise á chur in úil, ach sa luinneog ‘agus gheobham arís an

¹³ Cf. an cuntas ag Gearóid Ó Cruaioich (1997) ar an mbrí a baineadh as an ionradh i mBeantraí, ar athmhúnlú agus ar athbhreithniú na heachtra stairiúla féin sa traidisiún béil.

¹⁴ Ó Donnchú (1931: 39–40).

¹⁵ Ó Donnchú (1931: 39).

¹⁶ Ó Donnchú (1931: 59–60); cf. insint eile in Ó Muirthe (1987: 43).

crúiscín is bíodh sé lán' i ndeireadh gach véarsa. Sa dán so arís tá teachtaireacht mhíleannach na spéirmhná darb ainm Éire á tiomáint abhaile ar an bpobal éisteachta. Má tá, fé mar a deir sí, 'mo bhailtí puirt ag béaraibh an éirigh 's an fhuadaigh', áitíonn sí 'go bhfuil 'Sasanaigh is a n-áltha as an áit seo le ruagairt / agus Clanna Gaedheal 'na n'áitreabh 's is áthas liom rómhuar é'. Cothromaíocht shóisialta atá á tuar anso ina mbainfidh Caitlicigh bhochta na hÉireann a mbeart cóir amach. Is fuirist a shamhlú conas mar a raghadh teachtaireacht dá sórt i bhfeidhm ar an machnamh coiteann, go háirithe agus í á rá le ceol.¹⁷

Is eol dúinn, dála san, ó shaothar Zimmermann, *Songs of Irish Rebellion*, go raibh bailéidí Béarla á scaipeadh ar mhórbhíleoga go forleathan sa tír seo fé thosach na naoú haoise déag, ní hamháin i dtithe tábhairne, ach ar aontaí, ar ráiseanna capall, agus ar chruinnithe toghchán chomh maith.¹⁸ Díol suime is ea an tagairt ó thraibhléir Meiriceánach sa bhliain 1791 dosna hÉireannaigh a bhí, dar leis, ar nós 'a people saved from sheer despair by singing their Irish songs which promised them a radiant future'.¹⁹ Slí an-éifeachtach ab ea an ceol, mar sin, chun misneach an phobail a mhúscailt, go háirithe mara raibh léamh ná scríobh acusan go raibh teachtaireacht na mbailéidí dírithe orthu. Agus slí, fós, ab ea é chun teachtaireacht pholaitiúil a scaipeadh go saoráideach i measc na ndaoine. Go deimhin, ón uair gur chuid dhlúth de shaol an chultúir choitinn na bailéidí féin, fé mar a thaispeáin Zimmermann, ní deacair a mheas gurbh fhéidir teachtaireacht an dóchais iontu a bhuanú in aigne na ndaoine chomh maith céanna.

Luadh ó chianaibh anso diongmháiltacht Mháire Bhuí go dtiocfadh deireadh le héagóirí an tsaoil in Éirinn mar go raibh an chabhair ba ghá le teacht. Spré mhisnigh ab ea ar tharla i mBeanntraí sa bhliain 1796. Dá éagmais sin, caithfear áireamh a dhéanamh ar an éifeacht a bhí ag *The General History of the Christian Church*, saothar a d'fhoilsigh an tEaspag Caitliceach Charles Walmesley i Londain sa bhliain 1771 fén ainm chleite 'Signor Pastorini'.²⁰ Thagair Pastorini Apacailipsis Eoin ní hamháin do stair na hEaglaise Críostaí, ach don am a bhí le teacht: b'ionann agus tréimhse trí chéad bliain gach soitheach desna na seacht gcinn atá luaite i bhfáistine Eoin.²¹ I gcaibideal a naoi dá shaothar thuar Pastorini go mbeadh na trí chéad bliain den chúigiú haois suas sa bhliain 1825 agus bheadh téarma na heiriceachta caite.²² Fé fhichidí groda na naoú haoise déag bhí an-iarraidh, ní nach ionadh, ar an dteachtaireacht mhíleannach so i measc reibiliúnaithe talún in Éirinn; is eol dúinn, dá éagmais sin, go raibh fáistíní Phastorini á leathadh i measc an chultúir choitinn in Éirinn ag an am.²³ I mblianta tosaigh na naoú haoise déag, mar sin, ba chuid thábhachtach den machnamh réabhlóideach an fháistine féin.

Scaipeadh paimfléidí polaitiúla fé rún a leag béim speisialta ar an ardcheannas a bhí ag dul don Eaglais Chaitliceach sa bhliain 1825. Scaipeadh ina theannta san mórbhíleoga i

¹⁷ Ní miste a lua anso go bhfuil leagan breá den amhrán 'An Crúiscín Lán' ar an ndlúthdhiosca *An joga mór: amhráin Cháit Ní Mhuimhneacháin* (RTE/RBÉ, RTE 242CD, 2001).

¹⁸ Zimmermann (1967: 21–4).

¹⁹ O'Farrell (1976: 53).

²⁰ Tá cuntas ag Scott (1985) ar Signor Pastorini agus ar a shaothar; cf. Ó Cíosáin (1997: 192–7); Ó Cuilleánáin (1950).

²¹ Apacailipsis 15: 5–8, 16: 1–21.

²² Pastorini (1798²: 238).

²³ Donnelly (1983: 110–18); cf. Zimmermann (1967: 29–30).

gcoinnibh na ndeachúna ina raibh deireadh an Phrotastúnachais á thuar.²⁴ Go deimhin, áiríonn P.J. Dowling ‘Pastorini’s Prophecies’ i measc na saothar reiligiúnda ba chomónta a úsáideadh sna scoileanna scairte in Éirinn sa chéad cheathrú den naoú céad déag.²⁵ Is beag má chuaigh éifeacht theachtaireacht mhíleannach Phastorini amú ar fhilí na Gaeilge ag an am: chuaigh sí i bhfeidhm ar Raiftearaí, cuirim i gcás, agus ar Thomás Rua Ó Súilleabháin.²⁶ Thug Máire Bhuí Ní Laoghaire éisteacht, leis, don dteachtaireacht úd agus do nocht í i measc a pobail féin in Uíbh Laoghaire. Ina dán polaitiúil cáiliúil, ‘Cath Chéim an Fhaidh’ (a chuireann síos ar an mbruin idir reibiliúnaithe áitiúla agus an Mílíste sa bhliain 1822),²⁷ dob fhéidir le Máire Bhuí a bheith muiníneach as réaladh a teachtaireachta mar go raibh sé leagaithe amach cheana féin sa leabhar úd Phastorini:

Is an bhliain seo anois atá againn beidh rás ar gach smíste,
cuirfeam insa díg iad, dríb orthu is fóid,
ní iarrfam cúirt na stáitse, beidh árdchroch ’na suidhe againn
agus an chnáib go slachtmhar snímhte le díoghalthas ’na gcomhair;
is aca atá an tslat, is olc í a riail,
i gcóistibh greanta is maith é a ngléas,
gach sórd le caitheamh — fleadh agus féasta —
ag béaraibh ar bórd,
gurabh é deir gach úghdar cruinn liom sara gcríochna siad
deire an fhóghmhair
ins a leabhar so Pastorína go ndíolfaid as a bpóit.

Tá binb mhíchúiosach agus sprid fhiantasúil díoltais le brath sna focail seo, ach tugtar fé ndeara mar sin féin gurb é an t-anaithe a ghabh muintir Uíbh Laoghaire agus an leatrom a deineadh orthu san am úd is cás anso le Máire Bhuí. D’ardaigh Pastorini meanma an chultúir choitinn mar go raibh a theachtaireacht bunaithe ar an dtairngreacht agus ar an ndóchas. Dob fhéidir do Mháire Bhuí, dá réir sin, labhairt go neamhbhalbh agus go muiníneach i véarsa a cúig de ‘Cath Chéim an Fhaidh’ ar ‘na sluaigh fear ag teacht gan chiach ar longaibh meara’ agus fós ar ‘an [bh]Frangcach theas nár mheathlaigh riamh i bhfaobhar is i gcóir’, iad dírithe i dteannta a chéile ar Éirinn chun an sciúirse a bhí ar Chlanna Gael a dhíothú.

Dúradh i dtosach anso go raibh sé de theist ar Mháire Bhuí ná raibh léamh ná scríobh aici; más amhlaidh a bhí, abhar suime is ea véarsa a sé de ‘Cath Chéim an Fhaidh’:

Is, a Chlanna Gaedheal na n-áran, ná stánaidh is ná stríocaidh,
is gearr anois gan mhoill go mbeidh crích ar bhúr ngnó,
tógaidh suas bhúr gcráiste, tá an t-ál so le díbirt
go hifreann ’á dtíoradh idir theinteachaibh teo;
bíodh bhúr bpící glana i gceart i ngléas,
téighidh ’on chath ná fanaidh siar,
tá an chabhair ag teacht le toil ó Dhia
agus léiridh na póirc;
sáidhidh isteach go dána i n-áitreabh a dtáinig rómhaibh
is mithid díbh é fhagháil is tá an cáirde maith go leor.

²⁴ Ó Cíosáin (1997: 196).

²⁵ Dowling (1935: 155).

²⁶ Feic Ó Coigligh (1987: 97–9, 103–4, 105–6, 148 ll 397–400) agus Ní Shúilleabháin (1985: 57–8), fá seach.

²⁷ Ó Donnchú (1931: 55–8).

Níl aon amhras ná go bhfuil teachtaireacht mhíleannach Phastorini á tabhairt ag Máire Bhuí anso, sa mhéid go bhfuil Protastúnaigh le díbirt go hlfreann agus go gcasfar an sruth i bhfabhar an ghnáthphobail Chaitlicigh sa tír. Tugtar fé ndeara sa treo san chomh maith an casadh a bhaineann Máire Bhuí as coincheap na cabhrach: ní ag brath ar Mheisias fé leith dála an Stíobhartaigh a bhí an chabhair aici; is amhlaidh a bhí sí ‘ag teacht le toil ó Dhia’ go dtí na Gaeil chráite nuair a bheadh an téarma istigh. Seo sampla againn, mar sin, den ionramháil a deineadh ar an Scrioptúr i gcultúr coiteann na Gaeilge. Agus ón uair gur dhein rosc catha Uíbh Laoghaire den amhrán féin, sampla fós is ea an véarsa so de thráchteaireacht ar an Scrioptúr a bheith á seachadadh laistigh den dtraidisiún béil.

Tá an míleannachas céanna ag Máire Bhuí sa dán ‘Tá Gaedhil Bhocht Cráidhte’.²⁸ Is cosúil gur cumadh an dán so (i gcead don eagarthóir, An tAthair Ó Donnchú) timpeall ar aimsir an chatha i gCéim an Fhia i.e. 1822:²⁹ tagraíonn Ní Laoghaire do ‘chlanna sáirfhear [a bheith] dá gcrochadh anáirde ’s dá gcur síos láithreach ’sa chroppy-hole’ agus fós do ‘loingis lán díobh dá gcur thar sáile’ — an chroch nó an loch amach an ide atá i gceist anso, is léir, ide a tugadh ar reibiliúnaithe an chumainn rúnda na *Rockites* a bhí i réim sa Mhumhain i bhfichidí groda na naoú haoise déag. Dá éagmais sin, is é an meisiasachas láidir a bhí i réim um an dtaca céanna so is cúis leis an ráiteas so sa dán:

Is é chuala ó fháidhibh go ndubhairt Naomh Seán linn
go raibh deire an cháirde caithte leo,
's go dtiocfadh *slaughter* ar gach piara másach
nár ghéill don Pháis is do chaith an phóit.

Tugtar fé ndeara gur airigh Máire Bhuí an chuid sin de Apacailipsis Eoin: ní hamháin gurbh ó bhéal a scaipeadh fáistíní Phastorini i measc a pobail, ach taispeáineann an focal ‘*slaughter*’ anso gur sa Bhéarla a bhí na fáistíní féin á scaipeadh. Ar fhianaise an dá dhán ‘Cath Chéim an Fhiaidh’ agus ‘Tá Gaedhil Bhocht Cráidhte’, mar sin, chuaigh anál an Bhíobla fén gcultúr coiteann Gaelach sa chéad cheathrú den naoú haois déag.

Siúd is gur luadh ó chianaibh go bhfuil cosúlacht ann idir theachttaireacht mhíleannach Phastorini agus véarsa a sé de ‘Cath Chéim an Fhiaidh’ — sa mhéid gur díbirt an Phrotastúnachais atá á tuar ansan ag Máire Bhuí i gcaint apacailipteach — measaim, mar sin féin, gur mó a leagann sí béim sna dánta polaitiúla trí chéile ar éagóir shóisialta an *status quo* a bascfar le teacht na ré nua. Is annamh a thagraíonn Máire Bhuí don chreideamh sa bhfilíocht so. Tá dhá thagairt dá shórt aici (‘an t-ál so Chailbhín’ agus ‘Sasanaigh’) sna dánta a luadh go dtí seo, ach is iad bunfhadhbanna soch-chultúrtha a pobail féin is mó is trúig feirge agus spíde dhi: is iad ‘an tslat’ agus ‘an riail’, ‘an croppy-hole’ agus ‘iomad yoke’, ‘an chroch ’s an córda’ maraon leis ‘an stáitse’, cuirim i gcás, comharthaí sóirt an chórais éagóraigh. Dá éagmais sin, is iad ‘an piara másach’, ‘na páintheigh’, ‘na póirc’, ‘lucht bolg mór’ agus lucht na ‘[g]cóistí greanta’ atá ag buanú na héagóra in Éirinn agus is orthusan a thugann Máire Bhuí aghaidh a caoraíochta. An chóir seachas an éagóir, áfach, a leanfaidh an ré nua:

Beidh talamh gan chíos gan íoc

²⁸ Ó Donnchú (1931: 64–5).

²⁹ Ó Gráda (1994: 86–7). Go deimhin, dob fhéidir a bhaint as ‘Is an bhliain seo atá againn ’seadh bheidh ríra againn’ (l. 17) gur sa bhliain 1825 féin a cumadh an dán.

gan cháin is gan phléidhe
beidh cruithneacht is im is saill
ar an gelár againn féin,
agus gasra an ghrinn ag díogadh
na gcáirt agus dá ngladhach.³⁰

Dob é an port céanna aici é san amhrán ‘A Mháire Ní Laoghaire’, agallamh beirte idir í féin agus Donncha Bán Ó Loingsigh ó Bhaile Bhuirne a ceapadh *circa* 1843.³¹ Fén am so, áfach, is é Dónall Ó Conaill maraon le ‘Repéalers is a bhfórsaí tréana agus congnamh Dé ’á stiúradh’ deimhniú an dóchais aici. Cé go raibh Máire Bhuí ‘críonna, támhach, lag, brúite’, níor mhaolaigh san féin ar an léasadh teangan a thug sí do ‘chomplacht’ agus do ‘bhúraibh’ an sceimhle.³² Má bhí na ‘béir’ agus na ‘búir’ ann, thagair sí, leis, do ‘tally-ho bheith ar mhnáibh na rógairí d’itheann feoil Dé hAoine’ i véarsa a naoi — an t-aon mhasla amháin anso a bhaineann le creideamh *per se*. Is chun Donncha Bán a ghríosadh leanúint go coráistiúil de chumadh na filíochta a bhí sí de réir dealraimh. Is fé siúd a bheadh sé sprid an dóchais a chaomhnadh feasta arís i measc a pobail agus ba mhaith an teann a bhí á chur lena chúlaibh aici nuair a thug sí ‘an chraobh’ fhilíochta do.

Is féidir a áiteamh, braithim, go bhfuil Máire Bhuí Ní Laoghaire ar dhuine desna filí ban is mó cáil sa Ghaeilge roimis an bhfichiú haois. Bhí a beart féin bainte amach aici mar fhile i gcanóin na Gaeilge fén mbliain 1907, de dhealramh, mar gur thagair Risteard Ó Foghludha al. ‘Fiachra Éilgeach’ di an bhliain sin i gcaint a thug sé ar fhilí Chorcaí do Chumann na hÉigse i gCorcaigh.³³ Roinnt bhlianta roimhe sin, áfach, thosnaigh *Connradh na Gaedhilge* ag cnósach amhráin Mháire Bhuí agus foilsíodh trí cinn acu — ‘Cath Chéim an Fhiaidh’, ‘A Mháire Ní Laoghaire’ agus ‘Tá Gaedhil Bhocht Cráidhte’ — foilsíodh na dánta so don chéad uair i ndeireadh na naoú haoise déag in *Irisleabhar na Gaedhilge*.³⁴ Léiriú atá anso againn, gan dabht, ar idé-eolaíocht na tréimshe sin nuair a díriodh ar an nGaeilge labhartha a bhailiú agus a chaomhnadh. Bhain frith-Shasanachas go mór léi mar thréimhse agus ní haon ionadh é, mar sin, go dtagródh *Irisleabhar na Gaedhilge* don ‘fierce spirit, racial and religious’³⁵ sna dánta so Mháire Bhuí. Go deimhin, luadh anois beag gur annamh a thagraíonn sí don chreideamh sna dánta polaitiúla aici. Níl aon dabht ná go bhfuil fuinneamh agus sprid iontu, ach is í an fhearg agus an scoladh croí mar gheall ar an éagóir shóisialta a deineadh ar phobal bocht na tíre seo a bhí ag dó na geirbe aici.

Mara raibh léamh ná scríobh ag Máire Bhuí, bhí sí féin agus pobal Uíbh Laoghaire fé anáil abhair phriondálta as Béarla. Dá éagmais sin, is dóigh liom gur féidir a mheas, ar fhianaise na filíochta polaitiúla aici, go raibh a tábhacht féin fós ag an aisling i gcultúr

³⁰ Fé mar a chuir Máire Bhuí é sa dán ‘Ar Leacain na Gréine’; cf. Ó Donnchú (1931: 39).

³¹ Ó Donnchú (1931: 61–3); cf. insintí eile in Ó Cróinín (1982: 113–5) agus in Ó Muirithe (1987: 40–2). Tá cur síos ar Dhonncha Bán (*ca* 1800) in Ó Cróinín (1982: 111–2, 116) agus tá áireamh déanta air in ‘Filí agus filíocht Mhúsgraighe’, *An Músgraigheach* 1 (Meitheamh 1943: 18).

³² Bhíothas san amhras, go deimhin, go raibh aon bhaint ag Máire Bhuí le ceapadh an amhráin seo mar go raibh an mothú ann ‘almost too blood-thirsty to be expressed by a woman’ (*Irisleabhar na Gaedhilge* 7, Nollaig 1896: 122)!

³³ Fiachra Éilgeach (1908: 39).

³⁴ Imleabhair 6 (Aibreán 1896: 182–3), 7 (Nollaig 1896: 120–22) agus 8 (Meitheamh 1897: 34–5), fá seach.

³⁵ Imleabhar 8 (Meitheamh 1897: 35).

coiteann na Gaeilge i ndeireadh na hochtú haoise déag. Lean éifeacht na haislinge isteach sa naoú haois déag, is fíor, fé mar a léiríonn an fhilíocht ó Raiftearaí, ó Dhiarmaid na Bolgaí agus ó Tomás Rua Ó Súilleabháin. Is iad cúinsí soch-chultúrtha agus imeachtaí polaitiúla an ama san a chinntigh éifeacht na tairngreachta don chultúr coiteann. Bhí an dóchas forleathan ann go dtiocfadh sóinseáil ó bhonn ar chóras soch-pholaitiúil na tíre agus bhí comharthaí áirithe ann go raibh an tsóinseáil sin le teacht feasta arís.

Liosta Léitheoireachta:

- Béaslaí, Piaras, [1933–4]: *Éigse Nua-Ghaedhilge* II. Baile Átha Cliath.
- Breathnach, Diarmuid, Ní Mhurchú, Máire, 1986: *1882–1982. Beathaisnéis a haon*. Baile Átha Cliath.
- , 1992: *Beathaisnéis a trí*. Baile Átha Cliath.
- Brennan, Brian, 2000: *Máire Bhui Ní Laoire: a poet of her people*. Cork.
- Cullen, Louis, 1969: ‘The Hidden Ireland: re-assessment of a concept’, *Studia Hibernica* 9, 7–47.
- de h-Íde, Dubhglas, 1933: *Abhráin agus dánta an Reachtabhraigh*. Baile Átha Cliath.
- Donnelly, James S., 1983: ‘Pastorini and Captain Rock: millenarianism and sectarianism in the Rockite movement of 1821–4’, in Samuel Clark, James S. Donnelly (eag.), *Irish peasants: violence and political unrest, 1780–1914*, 102–39. Dublin.
- Dowling, Patrick John, 1935: *The hedge schools of Ireland*. Dublin.
- Dunne, Tom, 1998: ‘Subaltern Voices? Poetry in Irish, popular insurgency and the 1798 rebellion’, *Eighteenth-Century Life* 22, 31–44.
- Fiachra Éilgeach [Ó Foghludha, Risteard], 1908: ‘Filí Chorcaighe’, in Pádraig Ó Briain (eag.), *Saothar Suadha* 1, 26–41. Baile Átha Cliath.
- Hoare, Quintin, Nowell Smith, Geoffrey, 1971: *Selections from the prison notebooks of Antonio Gramsci*. London.
- Leerssen, Joep, 1996²: *Mere Irish and Fíor-Ghael. Studies in the idea of Irish nationality, its development and literary expression prior to the nineteenth century*. Cork.
- Ní Shúilleabháin, Máire, 1985: *Amhráin Thomáis Rua Uí Shúilleabháin*. Maigh Nuad.
- Ní Úrdail, Meidhbhín, le teacht: ‘Dichter der nachklassischen Zeit Irlands und ihre Vision’, in Erich Poppe (eag.), *Keltologie heute: Themen und Fragestellungen. Akten des 3. Deutschen Keltologensymposiums — Marburg, März 2001*. Münster.
- Ó Buachalla, Breandán, 1983a: ‘Na Stíobhartaigh agus an t-aos léinn: Cing Séamas’. *Proceedings of the Royal Irish Academy* 83C, 81–134.
- , 1983b: ‘An mheisiasacht agus an aisling’, in Pádraig de Brún *et al.* (eag.), *Folia Gadelica: aistí ó iardhaltaí leis a bronnadh ar R.A. Breatnach, M.A., M.R.I.A.*, 72–87. Corcaigh.
- , 1992a: ‘Irish Jacobite Poetry’, *Irish Review* 12, 40–9.
- , 1992b: ‘Poetry and politics in Early Modern Ireland’, *Eighteenth-Century Ireland. Iris an dá Chultúr* 7, 149–75.
- , 1996: *Aisling ghéar. Na Stíobhartaigh agus an t-aos léinn. 1603–1788*. Baile Átha Cliath.
- Ó Cíosáin, Niall, 1997: *Print and popular culture in Ireland, 1750–1850*. London.
- Ó Coigligh, Ciarán, 1987: *Raiftearaí: amhráin agus dánta*. Baile Átha Cliath.

- Ó Cróinín, Donncha, 1980: *Seanachas Amhlaoibh Í Luínse*. Baile Átha Cliath.
- , 1982: *Seanachas Phádraig Í Chruallaoi*. Baile Átha Cliath.
- Ó Cruallaoich, Gearóid, 1997: ‘The French are on the say’, in John A. Murphy (eag.), *The French are in the bay. The expedition to Bantry Bay, 1796*, 120–37. Cork.
- Ó Cuilleanáin, Cormac, 1950: ‘Tarngaireacht Pastorini’, *Cork University Record* 18, 43–7.
- Ó Donnchú, Donncha, 1931: *Filíocht Mháire Bhuidhe Ní Laoghaire*. Baile Átha Cliath.
- O’Farrell, Patrick, 1976: ‘Millenialism, messianism and utopianism in Irish history’, *Anglo-Irish Studies* 2, 45–68.
- Ó Gráda, Cormac, 1994: *An drochshaol: béaloideas agus amhráin*. Baile Átha Cliath.
- Ó Muirthe, Diarmaid, 1987: *Cois an Ghaorthaidh*. Baile Átha Cliath.
- Ó Súilleabháin, Seán, 1937: *Diarmuid na Bolgaighe agus a chomharsain*. Baile Átha Cliath.
- Pastorini, Sig[nor], 1798²: *The general history of the Christian church from her birth to her final triumphant state in Heaven, chiefly deduced from the Apocalypse of St. John the apostle*. London.
- Scott, Geoffrey, 1985: “‘The times are fast approaching’: Bishop Charles Walmesley OSB (1722–1797) as prophet”, *Journal of Ecclesiastical History* 36/4, 590–604.
- Séamus Dubh [Ó Fiannachta, Séamas], 1914: *Amhráin Thomáis Ruaidh .i. The songs of Tomás Ruadh O’Sullivan*. Dublin.
- Zimmermann, Georges-Denis, 1967: *Songs of Irish rebellion: Irish political street ballads and rebel songs, 1780–1900*. Dublin.